**An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 - 2030**

**Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn: 2010 - 2015**

**An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta**

Le cúig bliana anuas, tá gníomhaireachtaí na Roinne ag dul i dteagmháil le comhlachtaí/gníomhaireachtaí Rialtais sa Ghaeltacht d'fhonn fiontraíocht agus gníomhaíocht eacnamaíoch a spreagadh i measc an phobail Ghaeilge.

I mí an Mheithimh 2013, comhaontaíodh meicníocht fhoirmiúil le haghaidh comhoibriú idir Fiontraíocht Éireann agus Údarás na Gaeltachta. Tá ag éirí leis an meicníocht sin faoina gcuirtear creat ar fáil d'Fhiontraíocht Éireann agus d'Údarás na Gaeltachta comhoibriú ar roinnt réimsí beartais a leanann de bheith le leas na forbartha fiontar sa Ghaeltacht. De réir na meicníochta sin, éascaíonn Fiontraíocht Éireann rochtain do chliaint de chuid Údarás na Gaeltachta ar roinnt dá cláir thacaíochta agus oibríonn ball foirne atá inniúil i nGaeilge agus i mBéarla araon ag an deasc fiosruithe i bhFiontraíocht Éireann.

Faoi láthair, tá forbairt á déanamh ag Fiontraíocht Éireann ar phrótacal le hÚdarás na Gaeltachta thar ceann na nOifigí Fiontar Áitiúil. Is é aidhm an phrótacail a chinntiú go bhfuil comhdheiseanna curtha ar fáil d'fhiontraithe agus do ghnóthais ó thaobh tacaí Rialtais de. Tá dea-chaidreamh oibre ag Údarás na Gaeltachta agus ag na hOifigí Fiontar Áitiúil lena chéile ag leibhéal áitiúil. Cuirfidh an prótacal sin leis an gcaidreamh sin agus cinnteoidh sé go mbeidh rochtain ag cliaint de chuid Údarás na Gaeltachta ar shaineolas fairsing na nOifigí Fiontar Áitiúil trína gcláir oiliúna agus mheantóireachta.

Bíonn an tÚdarás Forbartha Tionscail Éireann agus Údarás na Gaeltachta i mbun plé go rialta ar theagmháil ábhartha le cliaint ilnáisiúnta agus ar mhargú phunann réadmhaoine Údarás na Gaeltachta. De bhreis air sin, tá Fiontraíocht Éireann, an tÚdarás Forbartha Tionscail Éireann, Údarás na Gaeltachta agus na hOifigí Fiontar Áitiúil ag oibriú le chéile agus leanfaidh siad ar aghaidh ag oibriú le chéile ar fhorbairt na bPleanna Gníomhaíochta Réigiúnacha ábhartha do Phoist.

**Bearta le haghaidh na Gaeilge sa tSeirbhís Phoiblí**

Tháinig an dara Scéim Ghaeilge de chuid na Roinne, lena gclúdaítear an tréimhse 2015-2018, i bhfeidhm ar an 28 Meán Fómhair 2015. Leagtar amach sa scéim nua, ina ndéantar forbairt ar an gcéad scéim ón Roinn, a mhéid atá seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair agus aithnítear inti réimsí le haghaidh feabhas amach anseo.

Leagtar amach sa scéim an gealltanas atá tugtha ag an Roinn go ndéanfar measúnú leanúnach ar leibhéal an éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge chun a chinntiú go leanfaidh an Roinn ar aghaidh ag freastal ar an éileamh sin ar bhealach pleanáilte, comhtháiteach agus inrochtana. Go háirithe, áirítear inti gealltanas go ndéanfaidh sí aithint, faoi dheireadh na chéad bhliana den scéim, ar na poist dá bhfuil inniúlacht i nGaeilge ina bunriachtanas agus go ndéanfaidh sí a seacht ndícheall na riachtanais sin a chomhlíonadh faoi dheireadh na scéime, agus aird á tabhairt ar bheartais um earcaíocht, ardú céime agus oiliúint, de réir mar is cuí.

Léirítear sa scéim freisin cur chuige na Roinne maidir le hoiliúint i nGaeilge sa dóigh is go dtairgfear cúrsaí do bhaill foirne atá toilteanach cabhrú leis an Roinn a gnó a dhéanamh trí Ghaeilge, de réir mar is gá. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ní ba luaithe i mbliana ar riachtanais oiliúna, aithníodh cohórt oifigeach ar mian leo páirt a ghlacadh in oiliúint ar an mbonn sin. Tabharfaidh grúpa oifigeach oilte den saghas sin tuilleadh ábaltachta agus solúbthachta don Roinn agus í ag comhlíonadh a cuid riachtanais ghnó trí Ghaeilge.

Is é Coiste Trasrannóige atá i mbun faireachán a dhéanamh ar na gealltanais a thugtar sa scéim. Bunaíodh an Coiste ag deireadh na bliana 2014 chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na ngealltanas a thug an Roinn i dtaca le soláthar seirbhísí do chustaiméirí go ginearálta agus le soláthar seirbhísí trí Ghaeilge.